Macasamhla

Bain an cloigín macalla asna ballaibh, gur glaoigh guth cuthaigh a rabh blas Thuaisceart na hÉireann uirthi amach iar ndul *Miss Parker*[1] anonn gosan ngléas ngutháin:

‘Seol *Farrington* anall chugam!’[2]

Ag filleadh ara gléas clóscríofa, dúirt Miss Parker la fear a bhaí ag scríobh ag deasc:

‘Taoi ag teastáil thuas staighre ó Mr Alleyne.’[3]

‘Droch-chríoch air!’ a chaith sé fona anáil agus brúigh siar a chathair do éirí ina sheasamh. Nochtadh a airde agus a thoirt mhór ag éirí ina sheasamh dhó. Baí dreach sleabhctha aige ar dhath dhorcha fíona, la malaí fionna agus croiméal fionna: bolgadar a shúile amach beagán agus ba shalach a ngealacáin. Ardaigh sé an gcuntar, gur fág an n-oifig de choiscéim throm ag dul tar bhráid na gcustaiméirí dhó.

Chuaigh sé go spadánta suas staighre gur sroich an dara léibheann, mar a rabh inscríbhinn Mr Alleyne ar phláta práis crochta ar dhoras. Stad sé anseo agus gearranáil air agan tsaothar, aga fheirg, sular bhuail aran ndoras. Glaoigh an guth géar:

Gabh an fear isteach i seomra Mr Alleyne. Agan am chéanna, fear beag a rabhadar spéacláirí la frámaí óir á chaitheamh aige ar dhreach ghlan-bhearrtha, ardaigh sé a cheann de sciotán aníos thar charn cháipéisí. La maoile agus la luisne an chinn féin, ní rabh d’oidhre air acht ubh mhór ina suí arna páipéaraibh. Níor chuir Mr Alleyne oiread is nóiméad ama amú.

‘Farrington? Céard is brí la seo? Cén fáth go mbíonn orm casaoid fútsa i gcónaí. An miste leat míniú liom cad ina thaobh nach bhfuil cóip den chonradh idir Bodley agus Kirwan déanta agat? Dúras leat go gcaithfidh sí beith réidh roimh a ceathair a chlog.

‘Acht dúirt Mr Shelly, a dhuine uasail - ’

‘Dúirt Mr Shelly, a dhuine uasail... freastal aran rud a deirim leat lado thoil, agus ní aran rud a deir Mr Shelly, a dhuine uasail. Bíonn leithscéal agat i gcónaí la déanamh faillí ardo chuid dualgas. Bíodh a fhios agat, mura rabh macasamhail déanta den chonradh ren oíche seo, cuirfead an gcás re Mr Crosbie... An gcloisir mé?

‘Cloisim, a dhuine uasail.’

‘An gcloisir mé?... *Ay* agus scéal beag eile! Bheadh sé chomh maith agam beith ag cuardach meacain i gcró muice agus labhairt leatsa. Bíodh a fhios agat gur leathuair an chloig la haghaidh lóin atá dlite agat, agus ní uair go leith. Ní fheadar cé méad cúrsaí bídh a bhíos uait... An dtuigir?’

‘Tuigim, a dhuine uasail.’

Crom Mr Alleyne a cheann os cionn a charn páipéar arís. Stán an fear aran mblaosc lonrach a stiúir gnó Crosbie & Alleyne, agus é ag tomhais a leochaileachta. Táinig ríog feirge ara scornach ar feadh meandair agus síothlaigh ansin, ag fágáil mothú íota tarta ina háit di. Aithin an fear an mothú seo agus braith go rabh oíche mhór ólacháin de dhíth air. Bhaí lár na míosa curtha dhe agus, dá dtagadh leis déanamh chóip in am, b’fhéidir go dtabharfadh Mr Alleyne ordú airgid la bailiú ón airgeadóir dó. Fan sé ina sheasamh ag baint lán na súl asan chionn os cionn an charnán páipéar. Go tobann,

tosaigh Mr Alleyne ag cur na bpáipéar tre chéile, ar thóir ruda éigin. Ansin, mar nach mbeth a fhios aige go rabh an fear ann gosan an nóiméad sin, ardaigh a cheann de sciotán arís ag rá dhó:

> ‘Ha? An bhfuilir chun fanachta i do staic ansin ar feadh an lae ar fad? Dia dár réiteach, Farrington, nach tusa a thógas go réidh é!’
>
> ‘Baíos ag fanacht go bhfeicinn..’
>
> ‘Tá go maith, ní call duit fanacht go bhfeicir. Gabh síos staighre agus déan do dhualgas.’

Siúil an fear go tromchosach i dtreo an dorais agus, ag fágáil an tseomra dhó, chuala sé Mr Alleyne ag scairteadh mura mbeth an conradh cóipeáilte ren oíche go gcloisfeadh Mr Crosbie fon scéal. Fill sé ara dheasc isan oifig íochtair agus comhair na bileog fós la cóipeáil. Tóg a pheann, tum isan dubhach é agus leann air ag stánadh go dall arna foclaibh deireanachaibh ar scríobh sé: *‘Ar chúis dá laghad, ní bheidh an Bernard Bodley réamhráite ...’* Baí an lá ag diúltú dá sholas agus i gcionn cúpla nóiméad lasfaí na soilse gáis: ansin d’fhéadfadh sé scríobh. Níor mhór dó cosc a tharta. Ag fágáil na hoifige dhó, féach an príomhchléireach go fiafraitheach air.

‘Tá sé ceart go leor, Mr Shelly,’ aran fear, ag tabhairt chúis a thurais la fios dó la síneadh dá mhéar. Caith an príomhchléireach súil aran seastán hata acht, nuair a chonaic go rabh an tsraith hata iomlán, níor chuir focal ann. A thúisce is a bhaí sé aran léibheann, tarraing an fear caipín bhreacán aoire asa phóca, cuir ara cheann agus rith síos an staighre corrach. Siúil go fáilí ón doras sráide i dtreo an choirnéil aran taobh istigh den chosán, gur rop isteach doras. Baí sé slán sábháilte anois i síbín ndorcha seascair shiopa Uí Néill agus, ag líonadh na fuinneoige bige a féach isteach aran bheár dó lana aghaidh shéidte ar dhath fíona deirg nó fheoil fhola, glaoigh amach:

> ‘Seo, Pat, tabhair g.p. dom, togh fir.’

Tug an séiplíneach[4] gloine pórtair dó. Ól an fear é in aon bholgam amháin é agus iarr síol cearbhais.[5] Fág a phingin aran chuntar gur imigh ón tsíbín chomh fáilí céanna is a chuaigh isteach ann, ag fágáil an fhir ag póirseáil don phingin isan dorchadas dó. Baí dorchadas, araon la ceo trom, ag fáil an ceann is fearr aran bhreacdhorchadas thráthnóna Feabhra agus bádar na lampaí i Sráid an Iustásaigh arna lasadh.[6] Gabh an fear suas an tsráid ar thaobh na dtithe den chosán gur sroich doras na hoifige agus amhras air go gcríochníodh sé a mhacasamhail in am. Ag dul suas an staighre dhó, fáiltigh boladh thais láidir cumhráin rena shrón: ba léir gur tháinig Mrs Delacour fad a bhaí seisean i dtigh Uí Néill. Sac sé a chaipín ina phóca arís agus chuaigh isteach isan oifig in athuair, agus é ag cor gothaí na neamhairde air féin.

‘Tá glaoch ort ó Mhister Alleyne,’ ar an príomh-chléireach go dian. ‘Cá rabhais?’ Caith an fear súil aran mbeirt chliant mar a bheth ag tabhairt la tuiscint go rabhadar ina mbac ara fhreagra. Ó tharla gurbh fhir iad beirt, lig an príomh-chléireach a gháire.

‘Tá cleachtadh agam aran bhail sin,’ ar sé. ‘Tá cúig bhabhta in aon ló amháin sách ...’ *Well*, ní mór duit brostú ort chun thabhairt cóipe d’ár gcomhfhreagras isan chás *Delacour* do Mr Alleyne.

An forrán béil seo os comhair na gcliant, a rith suas staighre agus an pórtar a dhiúg sé fon oiread sin deifre, chuireadar an bhfear trena chéile agus, ag suí síos aga dheasc dó chun fála a rabh ag teastáil, tuig sé a éadóchasaí is a bhaí a sprioc chríochnú an chóip den chonradh roimh leathuair tar éis a chúig. Bhaí an oíche dhorcha thais chuige agus baí sé ag tnúth lana caitheamh isna tithibh tábhairne, ag ól lana chairde fo spalpadh an gháis agus fo chleatráil gloiní. Tóg sé amach comhfhreagras Delacour agus imigh ón tseomra. Baí súil aige nach dtabharfadh Mr Alleyne fo deara go rabh an dá litir deireanach in easnamh.

Baí an boladh tais láidir cumhráin isan aer an bealach ar fad go seomra Mr Alleyne. Bean scothaosta a rabh cuma Ghiúdach uirthi ab eadh Miss Delacour. Dúradh fo Mr Alleyne go rabh sé ag suirí léise nó lana cuid airgid. Thagadh sí gosan n-oifig go minic agus d'fhanadh tamall fada inti nuair a thagadh. Baí sí ina suí la hais a dheisce anois agus boladh láidir cumhrán uimpi, í ag slíocadh chos a scáth báistí agus ag claonadh an chleite mhóir dhuibh ina hata. Do chas Mr Alleyne timpeall ina chathair sclóine dho thabhairt a aghaidhe uirthi agus baí a chos dheas caite go haerach thara ghlúin chlé. Cuir an fear an gcomhfhreagras aran ndeasc agus umhlaigh a cheann go hurramach acht níor thug ceachtar díobh Mr Alleyne ná Miss Delacour aird ar bith air. Buail Mr Alleyne méar aran gcomhfhreagras agus dírigh ina threo í ansin mar a bheth ag rá: *"Sin ceart go leor: féadfair imeacht."*

Fill an fear aran n-oifig íochtair agus suigh síos aga dheasc in athuair. Stán go dian aran fhrása neamhchríochnaithe: *"Ar chúis dá laghad, ní bheidh an Bernard Bodley réamhráite ..."* agus smaoinigh ar a aite a bhaí sé gur tosaíodar na trí fhocal deireanach lasan litir gcéanna.[7] Tosaigh an príomhchléireach ag deifriú Miss Parker, ag rá dhó nach mbeidís na litir clóscríofa in am aici don phost ná baol air. Éist an fear la clagarnach an chlóscríobháin ar feadh cúpla nóiméad gur luí isteach ar chríochnú a chóipe ansin. Ní rabh sé istigh ann féin áfach agus chuadar a smaointe chun fáin go dallrú agus go gliogar an tí tábhairne. Feil an oíche do phuins the. Treabh sé ar aghaidh lana chóip, acht nuair a bhuail an clog a chúig bádar ceithre dhuilleog déag fós la scríobh aige. Léan air mar scéal! Ní rachadh leis a críochnú in am. Buail dúil dóite é rá eascaine in ard a chinn, bualadh a dhoirn anuas go foréigneach ar rud éigean. Baí a oiread sin cuthaigh air gur *Bernard Bernard* a scríobh sé síos in ionad *Bernard Bodley* agus b'éigean dó tosú asan nua la duilleog bhán.

Airigh sé sách láidir ann féin la caitheamh amach na n-uile dhaoine san oifig asa dhá lámh féin. Baí a chorp ar bís la déanamh ruda éigin, la dul ar ruathar foréigin. Cuireadar easonóracha uile a shaoil ar buille é... An bhféadadh sé iarradh réamhíocaíochta ón airgeadóir? Arú, ní rabh aon mhaith isan airgeadóir, aon mhaith ar bith: ní thabharfadh réamhíocaíocht... Baí a fhios aige cá mbuailfeadh sé lasna leaideanna: Leonard agus an t-Allmhurach agus an Floinneach Srónach.[8] Baí an baraiméadar dá lionntaibh ag tuar scléipe.

Baí a shamhlaíocht imithe a fhad sin ar fán gur glaodh a ainm fo dhó sular tug sé aird air. Baí Mr Alleyne agus Miss Delacour ina seasamh lasmuigh den chuntar agus baí aghaidh gach cléireach tugtha ina threo in oirchill ruda éigin. Seas an fear aníos ón deasc. Tug Mr Alleyne fo íde béil fhada, ag rá dhó go rabh dhá litir ar iarraidh. Freagair an fear nach rabh a fhios aige a dhath fúthu, go ndearna sé cóip chruinn. Lean an sciolladh ar aghaidh: baí sé chomh feannta agus chomh fíochmhar gurb é a sháith don fhior é cosc a dhoirn ar thitim anuas ar cheann an fhirín osa chomhair:

'Níl eolas dá laghad agam ar dhá litir ar bith eile,' a dúirt go maol.

'Níl – eolas – dá – laghad - agat. Ar ndóigh níl eolas dá laghad agat,' a dúirt Mr Alleyne. 'Inis dom,' a lean sé, agus tug sracfhéacaint ar dtús aran mnaoi lana thaobh go bhfeiceadh sé an rabh sí ar aon dul leis, 'an gceapair gur amadán mé? An sílir gur pleidhce cruthanta mé?

Caith an fear súil ar aghaidh na mná uaisle, ansin aran gceann mbeag ar dhéanamh uibhe agus ar ais arís; agus, nach mór sula rabh a fhios aige féin faoi, aimsigh a theanga ala tráthúil:

'Ní dóigh liom, a dhuine uasail,' ar sé, 'gur ceist chóir í sin la cur orm.'

Baineadh stad as análú féin na gcléireach. Baí alltacht ar gach aon duine (údair na léaspairte ina measc) agus leath meangadh gáire gosna cluasa ar Miss Delacour, ar bhean lách gheanúil í. Dearg Mr Alleyne go dath an róis fhiáin agus baí a bhéal ag oibriú la corraí leipreacháin. Croith sé a dhorn la haghaidh an fhir gur cosúil la cnap de hinneall leictreach éigin í:

> ‘A bhodaigh shoibealta! A bhodaigh shoibealta! Cuirfeadsa críoch leat! Fan go bhfeicfir. Gabhfair do leithscéal liom asdo shoibealtacht nó imeoir ón oifig lom láithreach! Imeoir, mise á rá leat, nó gabhfair leithscéal liom!’

Seas sé i ndoras os comhair na hoifige féachaint an dtiocadh an t-airgeadóir amach ina aonair. Imíodar na cléirigh uile gur táinig an t-airgeadóir amach in éinfheacht lasan bpríomhchléireach isan deireadh thiar thall. Baí sé fuar aige rá focail ar bith leis nuair a bhaí sé i gcomhluadar an phríomhchléirigh. Chonacthas don fhior go rabh a dhála sách dona mar a bhaí. B’éigean dó déanamh a mhíle leithscéal la Mr Alleyne fona dheiliús acht baí a fhios aige go mbeadh an oifig ina poll nathrach dhó as sin amach. Ba chuimhin leis an dóigh a rinne Mr Alleyne géarleanúint ar Peake beag gur ruaig asan oifig é la ligean spáis dá nia. Airigh sé fíochmhar agus díoltasach agus spallta lasan dtart. Baí fearg air leis féin agus lá gach aon duine eile. Ní thabharfadh Mr Alleyne faoiseamh dá laghad dó; ba gheall la hifreann a shaol as seo amach. Rinne sé baileabhair cruthanta dhé féin an uair seo. Nach bhféadfadh sé coinneáil a theanga ina phluc? Acht níor réitíodar la chéile ón tús, é féin agus Mr Alleyne, ón ló ar tharla do Mr Alleyne a chloisteáil ag déanamh aithrise ara thuin Ultach dho bhaint gáire as Higgins agus as Miss Parker: ba é sín an tosach leis. D’iarrfadh sé airgead ar Higgins, acht i nDomhnach ní rabh cianóg rua ag Higgins dó féin riamh. Fear a rabh dhá ghnólacht la coinneáil ar siúl aige, ar ndóigh ní fhéadfadh sé...

Dúil chráite i sómas an tí tábhairne, buail sí a chorp mhór mhillteach arís eile. Baí sé ag éirí fuar agan cheo, agus meabhraigh ar bhleán Pat i dtigh Uí Néill. Ní rachadh leis bleán níos mó ná scilling uaidh – agus níorbh fhiú scilling. Acht chaithfeadh sé fáil an airgid áit éigin: bhaí a phingin deireanach caite aige aran ghloine pórtair agus bheadh sé ró-dhéanach la fáil airgid in áit ar bith gan mhoill. Go tobann, smaoinigh sé ar oifig gill Terry Kelly ar Shráid na Toinne agus é ag méirínteacht la slabhra a uaireadóra. Ba sin an buachaill! Nach breá nár smaoinigh sé uirthi níos túisce.

Chuaigh sé trí phasáiste chaol Templebar go tapaigh, ag rá trena fhiacla leis féin go rabh cead an diabhail acu uile mar go rabh seisean ag gabháil do chaitheamh oíche maithe. Coróin a dúirt an cléireach in oifig Terry Uí Ceallaigh! Sé scilling a d’áitigh an coinsíneoir áfach; agus isan deireadh thiar is sé scilling go baileach a tugadh dhó. Fág sé oifig an gheallbhróicéara go ríméadach agus é ag déanamh sorcóra big dena bonnaibh idir a ordóg agus a mhéara. I Sráid Westmoreland, bádar na cosáin dubh la fir agus la mná óga ara mbealach abhaile óna n-obair gnó agus ritheadar dailtíní gioblacha sráide thall is anall ag screadadh ainmneacha eagrán nuaíochta na hoíche. Gluais an fear tresan an slua, ag amhairc aran fheic i gcoitinne go sásta mórtasach agus ag stánadh go tiarnúil arna cailíníbh oifige dhó. Baí a cheann lán la fuaimeanna na gclog tramanna agus la sioscadh carráistí agus cheanna féin, bhain a shrón boladh mhúch puinse amach a bhaí ag éirí ina gcoirníní isan aer. Ag siúl chun cinn dó, eagraigh an ndóigh a ríomhfadh an n-eachtra dona leaideannaibh:

> “Agus, ní dhearnas acht amharc airsean – go réchúiseach, an bhfuil ‘fhios agaibh, agus amharc uirthise. Ansin amharcas airsean arís eile – ag bualadh leithead den aimsir, an bhfuil ‘fhios agaibh. ‘Ní dóigh liom’, ar mé, ‘gur ceist chóir í sin la cur orm’, ar mé.”

Baí an Floinneach Srónach ina shuí ina ghnátháit i dtigh Davy Byrne agus, nuair a chuala an scéal, ceannaigh leath-cheann do Farrington, ag rá dhó gurb é sin an rud ba chliste dar chuala riamh. Ceannaigh Farrington deoch dósan ara sheal. Táinig an t-Allmhurach agus Paddy Leonard isteach tar éis tamaill, gur athinsíodh an scéal dóibh. Íoc Ó hAllmhurán as gloinibh fuisce aon-bhraiche do chách, iad te, gur inis an scéal fon spalla a chaith lasan bpríomhchléireach nuair a bhaí sé la gníomhaireacht Uí Chathghaláin i Sráid Fownes; acht, de bhrí go rabh an spalla ar nós chaint na n-

aoirí isna h-eaclógaibh,[9] b'éigean dó admháil nach rabh sé chomh cliste la spalla Farraington. Leis sin dúirt Farrington lasna leaideanna caitheamh siar na ndeochanna sin go mbeth ceann eile acu.

Díreach agus iad ag rá céard a bheadh acu, cé a bhuailfeadh isteach acht *Higgins*! Ar ndóigh chaithfeadh seisean ól dí in éinfheacht la gach duine eile. Iarradar na fir air ríomh a leagan féin den scéal, agus dein sé é la neart spleodair, mar ba mheadhránach an t-amharc é chúig ghloine fhuisce the os comhair a dhá shúil. Scairteadar na huile dhoíni amach ag gáire nuair a thaispeáin sé an ndóigh a chroith Mr Alleyne a dhorn isan aghaidh ar Farrington. Ansin dein sé aithris ar Farrington, ag rá dhó, "*agus seo mo dhuine, gan a dhath mairge air*", fad a amharc Farrington aran chomhluadar asa shúilibh tromaibh salachaibh agus é ag déanamh mheangadh gáire agus ag tarraingt braonacha fánacha óil óna chroiméal lana liopa íochtarach.

Nuair a bhaí an cur dí sin thart baí moill ann. Baí airgead ag *O Halloran* acht shílfeá nach rabh ag an bheirt eile; fágadar an chuideachta ar fad an siopa dá dheasca sin agus pas beag aiféala orthu. Dealaigh Higgins agus Nosy Flynn leo ag cúinne Shráid an Diúic fad a bhádar an triúr eile ag filleadh ar a n-ais i dtreo na cathrach. Baí sé ag cur brádán báistí arna sráideannaibh fuaraibh agus, ar shroicheadh an *Ballast Office* dóibh, mol Farrington an *Scotch House*.[10] Baí an beár dubh la fir agus ar aon fhuaim amháin teangacha agus gloiní. Brúigh an triúir tarsna díoltóirí glóracha lasán agan doras gur bailíodar la chéile i mbaicle mbeag ag cúinne an chuntair. Tosaíodar ag malairt scéalta. Cuir Leonard iad in aithne ar stócach darb ainm *Weathers* a bhaí ag imirt mar chleasaí agus mar fhuirseoir siamsa isan *Tivoli*.[11] Ceannaigh Farrington deoch do chách. Dúirt Weathers go n-ólfadh fuisce beag la *Apollinaris*.[12] Tairg Farrington Apollinaris dona buachaillibh eile freisin óir baí a thuairim dhocht féin aige fo bhéasaibh shóisialtaibh, acht dúradar na buachaillí leis tabhairt ceann te dhóibh. Tarraingíodh an comhrá ar chúrsaíbh na hamharclainne. Íoc O Halloran as cur dí gur íoc Farrington as cur eile ansin agus Weathers ag rá go rabh an fhlaithiúlacht ró-Éireannach. Geall sé go dtabharfadh sé ar chúl stáitse iad dá dtabhairt i láthair chúpla cailíní deasa. Dúirt O Halloran go dtéadh sé féin agus Leonard, acht nach dtéadh Farrington mar ba fhear pósta é; agus tug Farrington la fios dóibh la féachaint dá shúilibh tromaibh salachaibh gur tuig go rabhadar ag fáil réidh leis. Ní shásódh Weathers acht ceannach gloine bige bídí dona huile dhaoinibh agus geall go mbuailfeadh leo i dtigh *Mulligan* ar Shráid an Phoil Bhig.

Nuair a dúnadh an Scotch House chuadar anonn go teach Uí Maolagáin. Chuadar isan gcúlseomra agus ordaigh an t-Allmhurach *hot specials* do chách. Bádar ag éirigh bogtha go leor. Baí Farrington ag ordú cur dí eile nuair a fhill Weathers. Gloine beorach a ól sé an uair seo, agus ba mhór an faoiseamh do Farrington sin. Baí an t-airgead ag fáil gann acht baí dóthain acu la leanúint ar aghaidh. Leis sin tánaig beirt bhan a rabhadar hataí móra orthu agus fear a rabh culaith air de phátrún breac-chearnógach, agus suíodar síos ag bord gar leo. Tug Weathers beannacht dóibh lana lámh, agus dúirt lasna leaideanna go rabhadar bainteach lasan Tivoli. Lonnaíodar súile Farrington ar dhuine dena mnáibh ógaibh gach ré nóiméid. Baí rud éigean suntasach fúithi. Baí scairf mhór mhíllteach fillte timpeall a hata agus snaidhthe fona smig la cuachóg mhór; agus baí lámhainní glébhuí go huilleann á gcaitheamh aici. Stán Farrington la taitneamh aran lámh téagartha a chorraigh sí go mion minic agus go han-ghrástúil gur, tar éis tamaill, nuair a bhreathnaigh sí ar ais air bain sé níos mó taitnimh fós asa súilibh donnaibh dorchaibh. Cuir an dearcadh fiar iontu fo dhraíocht é. Tug sí claonfhéachaint nó dhó air agus, ar imeacht ón tseomra don dream, teagmhaigh lana chathaoir agus dúirt '*O, pardon*!' i nguth a rabh blas Londan air. Fair sé ara himeacht féachaint an gcaitheadh sí súil ina diaidh, acht faraor níor chaith. A mhallacht dá easpa airgid agus don mhéad cor dí a cheannaigh sé, go háirithe dona gloinibh fuisce agus Apollinaris a cheannaigh do Weathers. Rud amháin nár thaitin leis, súdaire. Baí an oiread feirge air gur chuaigh uige comhrá a charad amú air.

Nuair a ghlaoigh Paddy Leonard air tug sé fo deara go rabhadar ag caint fo éachtaibh nirt. Baí Weathers ag taispeáint meatán a bhícéipse don chuideachta agus baí ag déanamh an oiread sin

gaisce gur iarradar an bheirt eile ar Farrington tacú la hónóir na tíre. Tarraing Farrington a mhuinchille suas dá réir gur taispeáin meatán a bhícéipse don chomhluadar. Scrúdaíodh an dá lámh dá gcur i gcóimheas agus i gcomórtas, agus socraíodh ar thriail nirt isan deireadh. Réitíodh an dtábla agus ligeadar an bheirt fhear a n-uilleann anuas air, gur rugadar i ngleic láimhe lana chéile. Dhéanfadh gach fear iarracht tharraingt lámh an fhir eile anuas aran mbord nuair a déarfadh Paddy Leonard *'Go!'*. Baí dreach thromchúiseach dhiongbháilte ar Farrington.

Tosaigh an triail. Tar éis tuairim is trocha soicind tarraing Weathers lámh a chéile comhraic go mall anuas aran mbord. Dearg dreach chiríneach Farrington, agus baí snó níos dorcha fós uirthi la teann feirge agus náire gur bualadh é la glas-stócach.

'Ná lig meáchan do choirp taobh thiar de. Imir go hionraic,' a deir sé.

'Cé nach bhfuil ag imirt go hionraic?' a deir sé siúd.

'Arís eile. An dá cheann is fearr de trí bhabhta.'

Tosaigh an triail arís. Seasadar féitheacha Farrington amach ara éadan, agus athraigh snó Weathers go dath na *peony*.[13] Creathadar a lámha lasan strus. I ndiaidh coraíochta fada cuir Weathers lámh a chéile chomhraic go mall aran dtábla arís eile. Táinig monabhar molta ón lucht féachana. An curáideach, a bhaí ina sheasamh in aice lasan mbord, claon a cheann lasan mbuaiteoir agus ndúirt la teanntás leibideach:

'Á, sin an cleas!'

'Cá sa diabhal fios duitse?' ar Farrington go fíochmhar agus é ag tabhairt fon bhfear. 'Cé a iarr ortsa cur do ladar isan scéal?'

'Fuist, fuist!' a dúirt O Halloran ar fheiceáil dhreach fhoréigneach Farrington dó. 'Caithighí siar bhur ndeochanna a bhuachaillí. Beidh smeachán beag bídeach amháin eile againn agus ansin imeoimid linn.'

Seas fear a rabh dreach an-stalcánta air ag coirnéal Droichid Uí Chonaill ag fanacht aran tram bheag i dtreo Dhubhach Trá a thabharfadh abhaile é. Baí sé ar tí a phléasctha la colg agus la fonn díoltas. Baí sé náirithe agus míshásta; ní rabh sé ólta go fiú amháin; agus ní rabh fágtha ina phóca acht dhá phingin. Mallaigh sé an saol is a mháthair. Do chuir sé a phost ó rath isan oifig, chuir a uaireadóir i ngeall; agus ní rabh sé ólta féin. Táinig tart air arís, gur santaigh sé an dteach tábhairne te plúchta. Do chaill sé a chlú mar thréan ó claochlaíodh fo dhó é la glas-stócach. At a chroí la fearg agus, nuair a smaoinigh sé aran mhnaoi a rabh hata mór uirthi a theagmhaigh leis agus a dúirt *Pardon!*, ba bheag nár thacht sé la cuthach.

Lig an tram amach é ag Bóthar Shíol Broin, agus stiúir seisean a chorp mór taobh la scáth bhalla na beairice. Ba leasc leis dul abhaile. Nuair a chuaigh sé isteach an ndoras taoibh baí an chistin folamh roimhe agus baí tine na cistine nach mór marbh. Cuir sé búir suas an staighre:

'Ada! Ada!'

Ba bhean bheag ghéarghnúiseach a bhean chéile a dhéanach ansmacht ara fiur céile nuair a bhíodh sé ar a chéill agus a ndéanadh seisean ansmacht uirthise nuair a bhíodh sé ar meisce. Bádar cúigear páistí acu. Rith buachaill beag síos an staighre.

'Cé hé sin?' a fhiafraigh an fear agus é ag gliúcaíocht isan dorchadas.

'Mise, a dheaide.

‘Cé tusa? Charlie?’

‘Ní hé, a dheaide. Tom.’

“Cá bhfuil do mháthair?”

“Tá sí isa tséipéal.”

“Sin é go díreach... Ar chuimhnigh sí ar fhágáil dhinnéir dom?”

“D’fhág, a dheaide. Tabharfad... ”

“Las an lampa. Cad ina thaobh go bhfuil an áit chomh dubh la pic? An bhfuilid na páistí eile sa leaba?”

Suigh an fear síos go trom ar cheann dena cathaoireachaibh fad a bhaí an buachaill beag ag lasadh an lampa. Tosaigh ag déanamh aithrise ar ghlór leamh a mhic: *“Isa tséipéal.”* a dúirt sé leis féin. “*Isa tséipéal*, mura miste leat!” Buaileann sé a dhorn anuas aran dtábla nuair a lasadh an lampa agus béic:

“Cá bhfuil mo dhinnéar?”

“Réiteod duit é, a dheaide,” a deir an buachaill beag.

“Aran tine sin! Ligis don tine múchadh. Dar Dhia, múinfead duit gan déanamh sin arís!”

Tugann sé céim gosan ndoras agus rugann greim aran bhata siúil a bhaí ina sheasamh laistiar de.

“Múinfead duit ligean don tine imeacht aisti!” a deir sé agus é ag crapadh a mhuincille suas chun thabhairt fad réime dá láimh.

“Ó, a dheaide!” a screadas an malrach agus ritheann go caointeach snagach timpeall an tábla, acht leanann an fear é agus rugann ara chóta é. Caitheann an buachaill beag féachaint scéiniúil ina thimpeall acht, nuair nach bhfeiceann bealach éalaithe, titeann ara ghlúine.

“Anois, ligfir don tine múchadh an chéad-uair eile!” a deir an fear agus é dá leadradh lasan mbata. “Bíodh sin agat, a dhailtín!”

Ligeann an buachaill sian chráite as ar lascadh a cheathrún lasan maide. Ardaíonn a dhá lámh suas isan n-aer agus fáisceann la chéile iad.

“A dheaide!” a screadas sé. “Ná buail mé, a dheaide! Agus déarfad Fáilte an Aingil duit... déarfad Fáilte an Aingil duit, a dheaide, mura mbuailir mé... déarfad Fáilte an Aingil...”

1 **Miss Parker:** Sloinne Sacsanach de bhunadh Normannach (Iníon Uí Pháircéir as Gaeilic). Maor páirceanna seilge an rí is brí leis (http://www.surnamedb.com/Surname/Parker).
blas Thuaisceart na hÉireann: tá blas Ultach aran ghuth

2 **Farrington:** Sloinne Sacsanach a eascraíos asan logainm Anglaise '*Faryngton*' i. raithneachán (surnamedb.com/Surname/Farrington).

3 **Alleyne:** Sloinne Sacsanach eile - de bhunadh Ceilteach. Meastar gur aillín (aill bheag) is ciall leis, agus gur tháinig sé go Sacsana asan Bhriotáin la Concas na Normannach (surnamedb.com/Surname/Alleyne).

4 **séiplíneach:** *Curate* an focal a úsáideas Joyce. Is cosúil gur leasainm é d'fhior bheáir.

5 **síol carbhais:** *caraway seed* as Anglais. Úsáidtear an síol cumhra seo mar bhlastán bídh. Tá sé cosúil la finéal. Tá an fear seo á úsáid la ceilt bholadh an óil.

6 **Sráid an Iustásaigh:** *Eustace Street.*

7 **thosaíodar na trí fhocal deireanacha lasan litir gcéanna:** "*In no case shall the said Bernard Bodley be ...*"

8 **Leonard agus an t-Allmhuráin agus an Floinneach Srónach:** Is sloinne de bhunadh Ghearmánach é Leonard. Tá sé déanta dena foclaibh '*levon*' (i. leon) agus '*hardu*' (i. cróga). É sin nó is galldú den tsloinne Ghaelach 'Ó Leannáin'. Tagann Ó hAllmhuráin as allmhurach (i. Allúrach surnamedb.com/Surname/O'Halloran). É sin nó is as allmhaire a thagas (allmhaireoir b'fhéidir https://en.wikipedia.org/wiki/O'Halloran, http://deworde.blogspot.ie/2016/10/). Maidir la 'Ó Floinn', is é is brí leis, 'flann', i. luisniúil. '*Nosy Flynn*' a scríobh Joyce féin. 'Mac' a bhíodh mar thús ar gach sloinne tráth ar ndóigh, agus sin is cúis lasan gcaolú aran iarmhír '-án'.

9 **ar nós chaint na n-aoirí sna h-eaclógaibh:** dráma tíriúil la Virgil (70 r.c – 19 i.c.) déanta de shraith dánta is ea na hEaclóga (https://en.wikipedia.org/wiki/Eclogues). Déanaid beirt aoirí comórtas lúibíní in eaclóg 4. Is dócha gurb éard atá i gceist ag Joyce anseo, go rabh caint Uí hAllmhúráin sách tútach la hais chaint Farrington.

10 ***Ballast Office... Scotch House:*** foirgneamh ar Shráid Westmoreland a bhaí ina ionad riarachán ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath, nó an *Ballast Commitee* mar ab ainm don chomhlacht seo agan am *(*http://www.dublinport.ie/about-dublin-port/about-us-2/*)*.
Maidir lasan *Scotch House*, is foirgneamh ar Ché an Bhurcaigh é.

11 ***Weathers... Tivoli:*** Sloinne Sacsannach is eadh Weathers a tugadh d'aoiribh. Eascraíonn sé asan fhocal Anglaise *wether* i. molt. Is amharclann ar Shráid San Proinsias é an Tivoli.

12 ***Apollinaris:*** uisce coipeach mianrach. Is la *Coca Cola* an marc seo anois (https://en.wikipedia.org/wiki/Apollinaris_%28water%29).

13 ***Peony:*** Piaine. Bláth bándearg. Isan mhiotas Ghréigeach, is dia an leighis nó scoláire fo dhia an leighis é *Παιών (paiôn)*. Ar bhealach, samhlaítear é freisin mar chloíteoir an oilc *(http://www.theoi.com/Ouranios/Paion.html).*